# Gaelscoil Inse Chór

## Polasaí Frithbhulaíochta (2024/25)

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta  Gaelscoil Inse Chór mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.

2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.

- Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:

  A. ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht.
  B. ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach.
  C. ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile.

- Ceannaireacht éifeachtach.
- Cur chuige scoile uile.
- Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige.
- Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)

  A. a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí.
  B. ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach.

- Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí.
- Tacaíochtaí don fhoireann.
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid)
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.

**I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht;**

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.*

**Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi: (féach Roinn 6.8 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):**

- **Múinteoirí Ranga**
- **Príomhoide Tánaisteach**
- **Príomhoide**

*Is iad na múinteoirí ranga a bheidh mar mhúinteoirí ábhartha. D'fhéadfaí tacaiocht a lorg ón bhfoireann um oideachais speisialta maidir le cásanna áirithe ina bhfuil páistí i gceist ag freastal ar ranganna/grúpa tacaíocht foghlama.*

**Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil.**

- Beidh atmaisféar bunaithe ar chairdeas, meas agus lanmháltas cothaithe ag an bhfoireann.
- Cuirfear béim ar na téamaí ar fad pléite sa rannóg seo ó thús saol scoile na bpáistí le linn an clár Aistear a ritheann sna ranganna naíonáin.
- Déantar forbairt ar féin-mhuinín na bpáistí tríd difríochtaí aonaracha, éachtaí, dea-iompar agus béasaí a cheilliúradh chomh maith le deiseanna a chur ar fáil chun dul chun chinn a dhéanamh trasna an curaclam.
- Déanfar iarrachtaí ionbhá a chothú sna páistí tríd mothúcháin a phlé agus iad féin a chur in áiteanna páistí éile.
- Beidh gaolta le páistí bunaithe ar chomh-mheas agus ar mhuinín ionas go mbeidh muinín ag na páistí as an bhfoireann scoile.
- Beidh múinteoirí aireach agus iad ag freagairt i mbealaí a léiríonn cúram agus mothálachas ar pháistí a roinneann eachtra bhulaíochta agus imscrúdú á dhéanamh acu ar na sonraí ar fad. Déanfar taifead ar aon mhí iompar luaite agus d'fhéadfaí filleadh ar an dtaifead seo sa todhchaí
- Beidh plé déanta ag na múinteoirí leis na páistí ar an bpolasaí seo agus straitéisí bainistíocht iompair in úsáid a dhíríonn ar réiteach fadhbanna agus a spreagann páistí chuig ról lárnach a ghlacadh ar teacht ar réiteach ar fhadhbanna.
- Bainfear leas as an gcuraclam chun oideachas a chur ar fáil dos na páistí ar iompar bhulaíochta. D'fhéadfaí seo a chlúdach tríd na cláir reiligiúin, OSPS, Bí Sábhálta, Misneach, na hEalaíne agus Am Chiorcal. Díreofar ar seo go mór mór le linn an dara théarma.
- Cuirfear béim ar leith sna bunranganna ar an tábhacht a bhaineann le labhairt amach/tuairisciú chuig múinteoir nó tuismitheoir ar aon iompar a chuireann isteach ort.

Is éard atá le **cyber-bulaíocht** ná úsáid a bhaint as teicneolaíocht cumarsáide/eolais chun tacaíocht a thabhairt ar aon bhulaíocht mar atá mínithe sa pholasaí seo. Tarláionn seo thar réimse forleathan- téacsanna, ar-líne, suíomhanna sosialta, ríomhphost srl. Tógfar an-dairíre an iompar seo ag Gaelscoil Inse Chór. Maidir le aon eachtra lasmuigh den scoil, tabharfar tacaíocht don íospartach tríd tuismitheoir/caomhnóir a chur ar an eolas maidir le tuairisc ar iompar mí-oiriúnach aon pháiste a thagann chugainn. Tógfar an-dáiríre aon tuairisc ar iompar bulaíochta lasmuigh den scoil agus tá sé de dhualgas ag an scoil féachaint isteach san fhadhb i gcásanna ag a bhfuil na páistí luaite ag freastal ar Ghaelscoil Inse Chór. Déanann an polasaí é a shoiléiriú gur choir do gach tuismitheoir/caomhnóir na rialacha agun coinníollacha a dheimhniú ar suíomhanna sosialta roimh na páistí iad a úsáid. Déanfar gach iarracht oideachas ar an ábhar seo a chur ar fail. Beidh Seachtain TCE I mbun sa scoil gach dara bhliain ag díriú ar shábháilteacht ar líne Díreofar ar dhaltaí agus a rthuismitheoirí/caomhnóirí lena linn. Bainfear leas as suíomhanna ghreasáin www.webwise.ie, www.childwatch.ie agus tógfar cainteoirí isteach chuig daltaí agus tuismitheoirí mar chuid de seo.

Rachaimid i ngleic le bulaíocht homafóbach agus le bulaíocht trasfóbach tríd póstaeir/ábhair LGBTa bheith ar chláir oideachais Ranganna 5 agus 6, ráitis ina gcuirfí fáilte roimh dhaoine LGBT agus ina léireofaí meas ar bhaill LGBT de phobal na scoile a phlé le tuismitheoirí, an acmhainn Oideachas Sóisialta, Pearsanta, Oideachais (OSPS), Ag Fás mar Dhuine LGBT, a mhúineadh agus a bheith páirteach in imeachtaí chun feasacht a mhúscailt ar cheisteanna LGBT.

**Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile):**

- Tabharfar tacaíocht d'éinne ar a bhfuil bulaíocht ar siúl orthu tríd deis láithreach a thabhairt dóibh labhairt faoi lena mhúinteoir ábhartha (múinteoir ranga).
- Déanfar aitreisiú leis an bpáiste go gcabhróidh comhphobal na scoile leo agus go gcuirfear córas montoireacht i bhfeidhm chun sábháilteacht a chruthú dóibh.
- Líonfar amach Agúisín 3A Teimpléid ar Ábhair Bulaíochta a Fhiosrú. Déanfar cine idir bhulaíocht/mí-iompar bunaithe ar an t-eolas taifeadta ar an bhfoirm seo.
- Déanfar caint leis an bpáiste/na páistí atá luaite a bhfuil ag déanamh an bulaíocht. Déanfar seo go haonrach agus i ngrúpaí agus d'fhéadfaí tuairisc a lorg ó daoine eile nach luaitear.
- Sa chás go bhfuil an múinteoir ábhartha sásta gur chás bulaíochta atá ann, cuirfear tuismitheoirí/caomhnoirí an pháiste/na páistí luaite mar bhulaí ar an eolas ar cad a tharla. Socrófar cruinniú leo chun plean a dhearradh a rachaidh i mbun an fadhb a réiteach. Déanfar gach iarracht sa phróisis seo taobh an pháiste ar a bhfuil an mbulaíocht ar siúl orthu a fheiceáil agus a thuiscint. Níl aon phlean/straiteis amháin a oireann gach cás agus tá gá seo a thuiscint.
- Déanfar teagmháil rialta le tuistmitheoirí/caomhnóirí na bpáistí ar fad atá I gceist agus an phlean seo I bhfeidhm chun dul chun chin a thomhais agus a thaifead.
- Tar éis tréimhse 20 lá, mura bhfuil feabhas ar chúrsaí, líonfaidh an múinteoir ábhartha Aguisín 3 agus í a chur chuig an bpríomhoide. Cuirfear cásanna mar seo os comhair Bord Bainistíochta na scoile gach téarma.
- Tá deis ag gach mhúinteoir Agúisín 3 a líonadh ón tús agus gan fanacht 20 lá, ag braith ar nádúr an chás

Aithníonn Bord Bainistíochta na Scoile go mbíonn deachrachtaí ag páistí iompar bulaíochta a aithint is a thuairisciú. Chuige seo múintear an Clár Bí Sábháilte agus i ngleic leis déantar suirbhé uair in aghaidh an téarma chun mion-fhadhbanna a réiteach taobh istigh den timpeallacht ranga idir an Múinteoir agus na páirtithe chuí. Má aithnítear go bhfuil fadhb níos dáiríre é leanfaidh an múinteoir na céimeanna mar atá leagtha amach sa pholasaí seo.

**Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu;**

- Aithnítear sa scoil go bhfuil tacaiocht de dhíth ag an dá thaobh- páiste/í ar a raibh bulaíocht déanta air/uirthi/orthu agus ag an té ag a raibh an bulaíocht ar siúl acu.
- Déanfar obair ag leibhéal ranga ar fáthanna agus cúiseanna bulaíochta. Más gá déantar seo i ngrúpaí níos lú agus le tacaíocht ón bhfoireann um oideachais speisialta.
- Déanfar suirbhéanna téarmúil ar ranganna ag iarraidh páistí mí-shocair a aithint agus a thacú.
- D'fhéadfaí leas a bhaint as cláracha a dhíríonn ar an bhféin-mhuinín agus ar an bhféin smacht. Is iad *Socially Speaking* agus *Talk About* na príomh-chláracha atá i bhfeidhm anseo againn.
- D'fhéadfaí áiseanna a úsáid as foinsí oideachais eile ar nós ***Anti-Bullying Campaign (Sean Fallon), S.A.L.T. nó Sticks and Stones***
- D'fhéadfaí tacaiocht ó lasmuigh den scoil a lorg leis ón gCúram Leanaí- Linn Dara in Ospidéalm Úlloird na Silíní agus ó NEPS.

## Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

## An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

## Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an 09/10/2023

- Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, tá sé ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

- Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó). Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

09/10/2023

Terry Ó Máirtín (Cathaoirleach)

09/10/2023

Colm Ó Nualláin (Príomhoide)

## Aguisín 1 Leideanna praiticiúla ar conas cultúr dearfach scoile a chothú

Seo a leanas roinnt leideanna praiticiúla a d'fhéadfadh cabhrú le scoileanna cultúr dearfach scoile a chothú agus iompar bulaíochta a chosc agus dul i ngleic leis.

- Tabhair dea-shampla d'iompar ina léirítear meas do gach ball de phobal na scoile i ngach caidreamh a bhíonn agat leo.
- Múin do na daltaí go sainráite an rud is teanga a léiríonn meas agus iompar a léiríonn meas ann, an tslí ina gcuirtear in iúl é, an tionchar a bhíonn aige sa seomra ranga agus ar fud na scoile.
- Cuir teachtaireachtaí láidre measa ar taispeáint sa seomra ranga, in áiteanna tionóla agus ar fud na scoile. Bíodh na daltaí bainteach le dréachtú na dteachtaireachtaí.
- Beir orthu agus iad á n-iompar féin i gceart - tabhair aird ar an gcineál iompair atá uait agus mol é nuair a fheiceann tú é.
- Téigh i ngleic ar shlí chomhsheasmhach le haon teanga idirdhealaitheach agus maslach a úsáidtear sa scoil – áirítear air sin teanga homafóbach agus ciníoch agus teanga a dhéanann beag is fiú de dhaltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Tabhair aiseolas cuiditheach do dhaltaí nuair nach mbíonn iompar agus teanga a léiríonn meas le sonrú uathu.
- Bíodh córas spreagthaí agus luachanna saothair ann chun iompar inmhianaithe a chur chun cinn mar aon le géilliúlacht do rialacha agus do ghnásanna na scoile.
- Múin go sainráite do na daltaí conas meáin shóisialta a úsáid ar shlí fhreagrach.
- Tabhair spreagadh do na daltaí chun géilleadh do rialacha na scoile maidir le húsáid fón póca agus
- an Idirlín. Déan obair leantach le daltaí nach dtugann aird ar na rialacha.
- Tabhair ról gníomhach do thuismitheoirí agus/nó do Chumann na dTuismitheoirí i bhfeachtais chun feasacht mar gheall ar mheáin shóisialta a mhúscailt.
- Leag béim ar an gceart atá ag gach duine i bpobal na scoile ar a bheith slán sábháilte sa scoil.
- Múin rialacha na scoile go sainráite sa seomra ranga agus in áiteanna tionóla i dteanga a thuigfidh na daltaí, agus cuir béim ar na rialacha sin.
- Féadann gach ball foirne a bheith san airdeall chun aon iompar bulaíochta a thabhairt faoi deara.
- Cinntigh go bhfuil dóthain maoirseachta sa chlós agus lasmuigh den scoil.
- D’fhéadfadh foireann na scoile comhairle a fháil ó na daltaí faoi na háiteanna is mó ina dtarlaíonn bulaíocht agus faoi na hamanna ag a dtarlaíonn sé.
- Is gnách do na háiteanna is mó ina dtarlaíonn bulaíocht a bheith sa chlós agus lasmuigh den scoil, i seomraí gléasta, i ndorchlaí agus in áiteanna eile inar beag maoirseacht a dhéantar.
- Is gnách bulaíocht a bheith coitianta nuair nach mbíonn maoirseacht struchtúrtha ann, mar shampla nuair a bhíonn daltaí sa chlós nó ag athrú seomraí ranga.
- Tacaigh le bunú comhairlí scoile agus lena gcuid oibre.

# Gaelscoil Inse Chór

## Aguisín 2 Teimpléad chun drochiompar a fhiosrú

**1. Ainm an dalta i mbaol agus a rang-ghrúpa**

Ainm ________________________________________Rang______________

**2. Ainm(neacha) agus rang(anna) an dalta/na ndaltaí atá luaite sa mhí-iompar**

**3. An áit a tharla an mí-iompar**

| | |
|---|---|
| Clós | |
| Seomra ranga | |
| Pasáiste | |
| Leithris | |
| Bus Scoile | |
| Eile | |

**4. Ainm (agus ról) an duine/na ndaoine a thuairiscigh** an mí-iompar

**5. Cineál** iompair (cur tic sa bosca/sna boscaí cuí ceart(a)*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionsaitheacht Fhisiciúil | | Mí-iompar ar-líne | |
| Dochar do mhaoin | | Imeaglú | |
| Aonrú/Eisiamh | | Cúlchaint mhailíseach | |
| Ainmneacha maslacha a thabhairt | | Eile (tabhair do thuairim) | |

**6. Cur síos gairid ar an iompar, ar a mhinicíocht agus ar a thionchar (Samplaí)**

**7. Tuairisc an duine/na ndaoine a luadh in Uimhir 2**

**8. Sonraí na gcinntí a tógadh – cad a rinneadh chun teacht ar an gcinneadh?**

Tar éis dom na buarthaí luaite a fhiosrú, mar mhúinteoir ábhartha is é mo thuairim **gur cás bulaíochta** atá ann. Leanfar leis na céimeanna cuí sa chód iompar scoile. ☐

Tar éis dom na buarthaí luaite a fhiosrú, mar mhúinteoir ábhartha is é mo thuairim **nach cás bulaíochta** atá ann. Leanfar leis na céimeanna cuí sa chód iompar scoile ☐

Síniú an mhúinteora: ______________________________ Dáta _________

Síniú an Phríomhoide;_____________________________ Dáta: __________



# Gaelscoil Inse Chór

## Aguisín 3 Teimpléad chun iompar bulaíochta a thaifeadadh

1. Ainm an páiste ar a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air/uirthi agus a rang ghrúpa

Ainm: ____________________Rang: ____________________

2. Ainmneacha agus Ranganna iad siúd atá ag gabháil d'iompar bulaíochta

Ainm: ____________________Rang: ____________________

3. Foinse an tuairisc *(An dalta i dtrácht, Dalta eile, Tuismitheoir, Múinteoir, Eile)*

4. An áit ar tharla an teagmhas/na teagmhais *(Clós, Seomra Ranga, Pasaáiste, Leithreas, Bus Scoile, Eile)*

5. Ainm an té/na ndaoine a thuairiscigh an t-údar imní bulaíochta

6. Cineál an iompair bhulaíochta *(Ionsaitheacht Fhisiciúil, Dochair do mhaoin, Aonrú/Eisiamh, Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine, Cibearbhulaíocht, imeaglú, Cúlchaint Mhaisleach, Eile)*

7. I gcás iompair a bhféachtar air mar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, tabhair an chatagóir lena mbaineann: *(Homafóbach, Míchumais, S.E.N., Ciníoch, Ballraíocht den lucht siúil, Eile)*





8. Cur síos gairid ar an iompar bulaíochta agus ar a thionchar

9. Sonraí na mbeart a rinneadh

Sínithe: ____________________ Dáta: __________

An Dáta a cuireadh é ar aghaidh chuig an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide: __________



# Gaelscoil Inse Chór

## Aguisín 4- Foirm Iar-chúram Scoile – (Le líonadh ag an íobartach/na híobartaigh)

**Iarrtar ar an bpáiste/ na páistí an fhoirm seo a líonadh tar éis an tréimhse 20 lá.**

1) Conas ar mhothaigh tú nuair a bhí an iompar bulaíochta ar siúl tamall ó shin?

2) Conas a mhothaíonn tú anois tar éis dúinn plean a chur le chéile agus am tugtha don phlean sin?

3) An bhfuil tú sásta go mbraitheann tú sona agus sábháilte ar scoil anois?

4) Ceard a dhéanfaidh tú má tharlaíonn a leithead arís?

**Maith thú as ucht labhairt amach- is dea- shampla thú do pháistí eile!**

**Síniú an Dalta:** ___________________

**Síniú an mhúinteora ábhartha:** __________________________________

**Síniú an Phríomhoide:** __________________________________________

## Aguisín 5 - Seicliosta le haghaidh athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí fhrithbhulaíochta agus ar a fheidhmiú

Ní mór don Bhord Bainistíochta athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme é. Ní mór an seicliosta seo a leanas a úsáid san athbhreithniú. Áis is ea an seicliosta d'athbhreithniú an bheartais ach ní seicliosta uileghabhálach é. Ní mór na rudaí seo a leanas a chur i gcrích chun an seicliosta a chomhlánú: scrúdú agus athbhreithniú ar anailís chainníochtúil agus ar anailís cháilíochtúil ar eilimintí éagsúla d'fheidhmiú bheartas frithbhulaíochta na scoile.

| | Tá / Níl |
|---|---|
| An bhfuil polasaí frithbhulaíochta a ghéilleann go hiomlán do choinníollacha *GhnásannaFrithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* glactha ag an mBord go foirmiúil? | |
| An bhfuil an polasaí foilsithe ar shuíomh Gréasáin na scoile agus cóip curtha ar fáil do chumann na dtuismitheoirí? | |
| Ar chinntigh an Bord go bhfuil go bhfuil an polasaí ar fáil d'fhoireann na scoile (agus foireann nua san áireamh)? | |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an bpolasaí agus ar na gnásanna ag foireann na scoile chun iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach ina gcuid oibre laethúla? | |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an bpolasaí ag na daltaí? | |
| An bhfuil an Bord sásta gur doiciméadaíodh sa bheartas na straitéisí coiscthe agus oideachais a bheidh i bhfeidhm sa scoil? | |
| An bhfuil an Bord sásta gur cuireadh gach straitéis coiscthe agus oideachais chun | |
| Ar scrúdaíodh a éifeachtaí atá na straitéisí coiscthe agus oideachais atá curtha chun feidhme? | |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na múinteoirí ar fad ag taifeadadh agus ag déileáil le teagmhais bhulaíochta de réir an bheartais? | |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuair an Bord na tuairiscí achoimre tréimhsiúla ón bPríomhoide agus ar glacadh miontuairiscí maidir leo? | |
| An bhfuil an Bord sásta gur pléadh a fheabhas atá an scoil ag láimhsiú tuairiscí bulaíochta lena n-áirítear teagmhais bhulaíochta ar déileáladh leo ag céim luath agus nach bhfuil san áireamh, mar sin, i dtuairisc thréimhsiúil an Phríomhoide? | |
| An bhfuil an Bord sásta nach bhfuarthas aon ghearán ó thuismitheoirí maidir leis an tslí ina láimhsíonn an scoil teagmhais bhulaíochta? | |
| An bhfuil an Bord sásta nár thóg tuismitheoir ar bith a páiste amach as an scoil á rá go raibh siad míshásta leis an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta? | |
| An bhfuil an Bord sásta nach ndearna Ombudsman na Leanaí imscrúdú ar an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta a thionscain nó a thabhairt chun | |
| An bhfuil an Bord sásta go ndearnadh anailís ar na sonraí a fuarthas ó chásanna a tuairiscíodh don Phríomhoide (leis an teimpléad taifeadta bulaíochta) chun aon cheisteanna, treochtaí nó patrúin in iompar bulaíochta a shainaithint? | |
| An bhfuil an Bord sásta nár aithníodh aon ghnéithe de bheartas na scoile agus/nó a fheidhmiú a dteastaíonn feabhsú breise orthu? | |
| An bhfuil plean gníomhaíochta i bhfeidhm ag an mBord chun díriú ar aon réimse ina dteastaíonn feabhsú? | |

Síniú ____________________ Dáta _________________

**Cathaoirleach an Bhord Bhainistíochta**

## Aguisín 6 – Leideanna ar Iompar Bulaíochta - Tuartha & Comharthaí

**Appendix 6 -*Indications of Bullying - Symptoms and Signals***

D'fhéadfadh na comharthaí seo a leanas a chur i bhfios go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhalta: *The following signs and symptoms may suggest that a pupil is being bullied:*

Imní mar gheall ar an turas chun na scoile nó abhaile uaithi, m.sh. ag iarraidh síob ar thuismitheoir nó ag iarraidh ar thuismitheoir í/é a bhailiú, an bealach chun na scoile a athrú, bheith ag dul ar scoil/ag teacht abhaile ón scoil lasmuigh de na gnáthuaireanta
*Anxiety about travelling to and from school e.g. requesting parents to drive or collect him/her, changing travel routes, avoiding regular times for travelling to and from school;*

Drogall maidir le dul ar scoil, diúltú dul ar scoil, múitseáil;
*Unwillingness to go to school, refusal to attend, truancy;*

An fheidhmíocht oideachais a bheith ag dul chun donais, easpa cumais chun díriú ar an obair agus laghdú ar dhíograis agus ar spéis i gcúrsaí scoile.
*Deterioration in educational performance, loss of concentration and loss of enthusiasm and interest in school;*

Patrún de bhreoiteacht fhisiciúil, m.sh. tinnis chinn, tinnis bhoilg. *Pattern of physical illnesses e.g. headaches, stomach aches;*

Athrú ar ghiúmar nó ar iompar nach féidir a mhíniú a d'fhéadfadh a bheith níos sofheicthe díreach roimh dhul ar ais ar scoil tar éis an deireadh seachtaine agus go háirithe tar éis laethanta saoire scoile;
*Unexplained changes either in mood or behaviour which may be particularly noticeable before returning to school after weekends or more especially after longer school holidays;*

Comharthaí feiceálacha imní nó ciaptha, m.sh. caint stadach, gan a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí, tromluí, deacrachtaí codlata, gol, athrú ar phatrúin itheacháin, caitheamh aníos, fliuchadh na leapa;
*Visible signs of anxiety or distress e.g. stammering, withdrawing, nightmares, difficulty in sleeping, crying, not eating, vomiting, bedwetting;*

Rudaí a rá go spontáineach faoi dhaltaí nó múinteoirí, rudaí nach mbeadh súil leo ón duine sin;
*Spontaneous out-of-character comments about either pupils or teachers;*

Maoin a bheith ar iarraidh nó damáiste déanta di; *Possessions missing or damaged;*

Níos mó airgid á iarraidh, nó airgead a bheith á ghoid; *Increased requests for money or stealing money;*

Gortú nó ballbhrú nach féidir a mhíniú, nó éadaí stróicthe; *Unexplained bruising or cuts or damaged clothing;*

Drogall agus/nó diúltú a rá cad é atá ag cur isteach ar an dalta. *Reluctance and/or refusal to say what is troubling him/her.*

## Appendix 7 - Notification regarding the Board of Management's annual review of the anti-bullying policy

The Board of Management of Gaelscoil Inse Chór wishes to inform you that:

- The Board of Management's annual review of the school's anti-bullying policy and its implementation was completed at the Board meeting on the Date

- This review was conducted in accordance with the checklist set out in Appendix 4 of the Department's Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools.

Signed: ____________________ Date: __________

*Chairperson, Board of Management*

Signed: ____________________ Date: __________

*Principal*

# Suirbhé maidir le hEachtra (Agúisín 8)

Is éard is bulaíocht ann ná a bheith gránna le duine arís is arís eile. D'fhéadfadh duine a bheith ag brú nó ag bualadh daltaí, ag tabhairt fogha faoina gcuid rudaí, ag tabhairt ainmneacha orthu, ag rá nó ag scríobh rudaí gránna fúthu, ag magadh fúthu nó gan cead a thabhairt dóibh a bheith páirteach i gcluichí. Má leanann sé sin ar aghaidh, bulaíocht atá ann. Bíonn bulaíocht éagothrom, dímheasúil agus mícheart i gcónaí. Níl sé tuillte ag aon duine go ndéanfaí bulaíocht orthu. Aon duine a bhfuil a fhios aige go bhfuil bulaíocht ar siúl, ba chóir dó é sin a insint do mhúinteoir.
**Más eol duit bulaíocht a bheith ar siúl i do rang nó sa scoil, scríobh na sonraí thíos le go mbeimid in ann labhairt leo siúd atá á déanamh agus iarraidh orthu stopadh. Má gheallann siad go stopfaidh siad agus má chomhlíonann siad an gealltanas sin, ní bheidh siad i dtrioblóid agus beidh gach duine in ann a saol a chaitheamh go sona sásta**

Do Ainm: ________________________________________ Rang: _____________________

Ainmneacha na ndaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu

___________________________________________________

Cén saghas iompar a bhí ann (Ciorclaigh)

| | | |
|---|---|---|
| Ainmneacha a thabhairt orthu | Ag gáire orthu | Ag baint lena stuif |
| Ag fágáil amach iad | Ag brú | Iompar fisiciúil |

Aon bhealaí eile

Liostaigh anseo aon daltaí eile a thuigeann go bhfuil an iompar seo ar siúil

An raibh tusa riamh páirteach san iompar seo (Ciorclaigh)

Go minic | Ó am go chéile | Ní raibh





Ainmnaigh na daltaí i do rang a mbíonn ag gabháil den iompar seo go minic

Tá an t-eolas atá tugtha agam thuas fíor

**Signed:** ____________________ **Date:** ___/___/___